C/2024/3693

10.6.2024

MOLADH ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 4 Meitheamh 2024

do Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Banque de France

(BCE/2024/15)

(C/2024/3693)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) De bhun Airteagal L.142-2 den Chód Airgeadaíochta agus Airgeadais, ceapann Comhairle Ghinearálta Banque de France beirt iniúchóirí reachtúla chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais Banque de France.

(3) Tháinig deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha Banque de France, Mazars agus KPMG S.A., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2023. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2024.

(4) Roghnaigh Banque de France Mazars S.A. agus Deloitte & Associés S.A.S. mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2024 go 2029,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar Mazars S.A. agus Deloitte & Associés S.A.S. a cheapadh go comhpháirteach mar iniúchóirí seachtracha Banque de France do na blianta airgeadais 2024 go 2029.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 4 Meitheamh 2024.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE